

Coimhlint idir Leasanna Eacnamaíocha agus Comhshaoil | Freagra Samplach

Déan plé ar an tslí a bhféadfadh coimhlint teacht chun cinn idir an leas eacnamaíoch agus leas an chomhshaoil mar thoradh ar shaothrú acmhainní, agus tagairt agat do dhá shampla a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

(2018 Ceist 7C)

Sampla 1 - Gáscheantar na Coiribe

Is sampla maith é saothrú gáis nádúrtha ag gáscheantar na Coiribe i gCo. Mhaigh Eo den choimhlint a d'fhéadfaí a theacht aníos idir leasanna eacnamaíocha agus leasanna comhshaoil.

Tá gáscheantar na Coiribe suite 70km amach ó chósta Mhaigh Eo agus tugann sé buntáistí eacnamaíocha suntasacha d'Éirinn. Meastar go bhfuil gás ar luach dhá bhilliún euro sa gháscheantar seo, a thabharfadh soláthar gáis d'Éirinn ar feadh fiche bliain.

Laghdóidh sé seo an spleáchas ar iompórtálacha breoslaí eile ó thíortha eile, m.sh. an Rúis. Beidh tionchar dearfach aige freisin ar chomhardú ár n-íocaíochtaí mar go dtiocfaidh laghdú ar líon na n-iompórtálacha.

Cuirfidh an tionscadal fostaíocht ar fáil don réigiún máguaird agus cuirfidh sé leis an ngeilleagar áitiúil toisc go mbeidh gá le 700 duine agus an suíomh á thógáil, chomh maith le 100 post buan ar an suíomh.

Chuirfeadh sé seo go mór le geilleagar áitiúil Mhaigh Eo, baile Bhéal an Mhuirthead go háirithe. Gheobhaidh rialtas na hÉireann íocaíochtaí cánach ó Shell freisin ar gach brabús a thuilltear.

Mar sin féin, tá coimhlint idir leasanna comhshaoil agus leasanna eacnamaíocha an cheantair. Tá imní ar mhuintir na háite mar go mbeadh an píblíne gar do thithe agus mar gheall ar gach baol a bhaineann le píblíne den sórt sin.

Thóg Shell píblínte cosúil leis na cinn seo sa Nigéir, agus bhí drochthionchar acu ar bhithéagsúlacht na háite agus cailleadh daoine dá bharr.

Creideann daoine go mbeidh an scaglann (refinery) seo ina cúis le truailliú uisce agus truailliú aeir, rudaí a chuirfeadh le fadhbanna sláinte agus sábháilteachta do mhuintir na háite.

Tá coimhlint ollmhór sa réigiún mar gheall ar na deacrachtaí seo, coimhlint a chuir an tionscadal siar go mór mór. Bunaíodh an grúpa ‘Shell to Sea’ chun dul i mbun feachtais i gcoinne an tionscadail.

Chuaigh cúigear a bhí i mbun feachtais ‘Rossport Five) go príosún ar feadh 94 lá toisc gur chruthaigh siad fadhbanna ag an suíomh.

In 2011 thug an EPA cead chun an phíblíne ar tír a fhorbairt. Mar sin féin, tá teannas fós ann sa réigiún ar an dá thaobh.

Sampla 2 - Foraois Bháistí na Brasaíle

Tá sampla eile de seo le feiceáil i bhforaois bháistí na hAmasóine sa Bhrasaíl. Baineann sé seo leis an lománaíocht tráchtála a bhíonn ar siúl sa réigiún sin.

Tá adhmaid ón bhforaois bháistí thrópaiceach sa Bhrasaíl ina acmhainn nádúrtha thábhachtach. Tá fás ag teacht ar an éileamh domhanda ar mhahagaine agus ar théac. Is féidir suas le 16,000 euro a fháil don adhmaid seo ag an margadh.

Tá leibhéil arda caimiléireachta sa Bhrasaíl. Rinne Uachtarán na Brasaíle, Jair Bolsonaro, toghcháin a rigeáil agus ansin fuair sé íocaíocht le cead a thabhairt do chomhlachtaí lománaíochta dúshaothrú a dhéanamh ar an gcomhshaoil.

Mar sin féin, tá coimhlint ann idir leasanna comhshaoil agus leasanna eacnamaíocha na háite seo. Dar le gníomhaithe timpeallachta, ní féidir leanúint ar aghaidh le glanadh na foraoise agus go bhfuil tionchar ollmhór ag an nglanadh seo ar an gcomhshaol.

Tá ról tábhachtach ag foraoisí báistí trópaiceacha i laghdú a dhéanamh ar líon na ngás ceaptha teasa san atmaisféar. Tógann foraoisí báistí an domhain carbón isteach mar dhé-ocsaíd charbóin agus táirgeann siad ocsaigin.

Cuireann dífhoraioisiú leis an méid CO₂ san atmaisféar agus tagann méadú ar theochtaí an domhain. Bíonn sé seo ina chúis le téamh domhanda.